


RÁITEAS STRAITÉISE **2018 › 2022**

2018




2022

CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2015- 2017	8
Anailís Eacnamaíoch	13
Maidir Leis an Údarás Náisiúnta Iompair	16
Tosaíochtaí Straitéiseacha 2018-2022	22
Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta	35
Aguisín 2: Baill an Bhoird	36

Ár bhFÍS:

Iompar atá ar ardchaighdeán, atá inrochtana agus inbhuanaithe a chur ar fáil chun daoine ar fud na hÉireann a nascadh le chéile.





Réamhrá an Chathaoirligh



Is é seo an cheathrú Ráiteas Straitéise de chuid Údarás Náisiúnta Iompair agus leagtar amach ann ár gclár oibre don tréimhse ón mbliain 2018 go dtí 2022.



Is cúis áthais don Bhord an méid dul chun cinn ar éirigh leis an Údarás a chur i bhfeidhm ar an gclár oibre uailmhianach a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na tréimhse idir 2015 agus 2017.

Bhí ar Údarás Náisiúnta Iompair díriú ar thionscadail nach raibh ródhaor ach ar chuir feabhas mór leis an mbonneagar iompair nuair a mhoilligh sruth maoinithe phoiblí i gcomhair tionscadail chaipitiúla mhóra go tobann sna blianta beaga i ndiaidh thobchliste an gheilleagair sa bhliain 2008. Is sampla maith é tollán Pháirc an Fhionnuisce den chineál tionscadal seo; cuireadh an tollán seo i bhfeidhm arís in athuair i gcomhair traenacha sceidealaithe.

Bhí tógáil an Luas Traschathrach ar an togra bonneagair amháin a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse, agus is dea-shampla é an tionscadal sin ar chumas an Údaráis scéim mhór iompair poiblí a sheachadadh in am agus taobh istigh den bhuiséad a bhí leagtha amach dó. Bhí gnólachtaí in ann maireachtáil mar is gnáth i lár na cathrach fad is a bhí an obair tógála ar siúl mar thoradh ar an bpleanáil agus ar an gcaoi ar cuireadh an tionscadal i gcrích agus ar an gclár rannpháirtíochta leis an bpobal. Tá an-áthas ar an Údarás gur thosaigh seirbhísí chuig Droichead Broome ar an Líne Uaine atá sínte ar an 9 Nollaig 2017.

De réir mar a fheabhasaíonn an geilleagar, bíonn an iomarca daoine ar bhóithre agus bíonn ar chomaitéirí dul i ngleic le níos mó brú tráchta agus tréimhsí níos faide agus iad ag taistil. Is éard a theastaíonn anois ach plean iomlán nua i gcomhair bonneagar nua don iompar poiblí a bheidh in ann freastal ar an éileamh atá ag méadú ar sheirbhísí iompair poiblí atá ar ardchaighdeán agus inrochtana. Beidh sé riachtanach go mbreathnófar ar na nithe is féidir a dhéanamh san fhadtéarma agus sa ghearrthéarma sa phlean seo.

San fhadtéarma, beidh iarnród ina réiteach i réimsí áirithe. Déanfar foráil sa Straitéis Iompair infheistíocht i dtionscadail ar nós síneadh seirbhísí DART, níos mó seirbhísí Luas mar aon le Metro agus tá muinín againn go mbeimid in ann dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na scéimeanna sin agus scéimeanna eile má bhíonn an deis againn. Bíonn go leor réamhoibre i gceist leis na tionscadail seo, ach caithfear fadhb an bhrú tráchta a fheabhsú gan mhoill. Mar sin, díreofar ar sheirbhísí agus gréasáin bus a fhorbairt sa ghearrthéarma, agus ní inár gcathracha agus inár mbailte amháin ach go náisiúnta agus i mbailte beaga agus i gceantair thuaithe chomh maith. Athchóiriú iomlán ar an gcóras bus a bheidh i gceist mar chuid den

phróiseas seo agus sa chaoi seo aithneofar an tábhacht ollmhór a bhaineann leis an tseirbhís seo san am láthair agus sa todhchaí chomh maith.

Léirítear sa Ráiteas Straitéise seo na héilimh atá ar an Údarás agus na héilimh sin ag méadú, chun seirbhísí iompair poiblí atá éifeachtúil, feidhmiúil agus atá ar phraghas réasúnta a chur ar fáil don phobal a bhíonn ag taistil. Beidh seans ag an Údarás sa chúig bliana amach romhainn creat i gcomhair fáis a chruthú trí Phlean Feidhmiúcháin a fhorbairt agus é bunaithe ar Ráiteas Straitéise Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus ar phleananna infheistíochta an rialtais. Is é príomhchúram an Údaráis clár uailmhianach a chur ar fáil ina gcuirfear feabhas le bonneagar agus le seirbhísí chun freastal ar chustaiméirí folaigh. Beidh seachadadh an phlean straitéisigh uailmhianaigh seo ag brath ar níos mó acmhainní daonra agus airgeadais a bheith ar fáil don Údarás, tá siad seo srianta faoi láthair.

Tuigeann an tÚdarás go rímhaith go méadaíonn líon na n-astaíochtaí carbóin fós ón earnáil iompair agus níl aon dabht ann agus bhfuil ról le glacadh le gach uile duine san earnáil i líon na n-astaíochtaí sin a laghdú de réir na spriocanna laghdaithe a d'aontaigh an stát leo.

Sa cháipéis straitéise seo, tugaimid solas ar an gcúnamh a thabharfaimid leis an bhfeachtas seo trí úsáid talaimh níos fearr a chur chun cinn, trí imeascadh phleanáil iompair, iompar poiblí níos fearr a chur ar fáil, trí úsáid an iompair sin a chur chun cinn agus trí fhlíteanna iompair poiblí a astaíonn níos lú astaíochtaí a cheannach i gcomhair busanna agus don iarnród.

Aithníonn an Bord an ról a bhí ag an bhfoireann bainistíochta agus an ghnáthfhoireann na tionscadail seo agus an iliomad tionscadal eile a chur chun críche. Bhí siad proifisiúnta agus díograiseach i gcónaí cé go raibh acmhainní an Údaráis srianta mar gheall ar an mbac a bhí ar fhostaíocht san earnáil phoiblí.

Is é fíis an Údaráis do na cúig bliana amach romhainn ach díriú ar fhorbairt modhanna iompair poiblí, ar rothaíocht agus ar an siúl go náisiúnta chun níos mó inbhuanaitheacht a bhaint amach i modhanna agus i bpatrúin iompair agus ar an dóigh sin an timpeallacht agus caighdeán maireachtáil daoine a fheabhsú.



Fred Barry An Cathaoirleach
Eanáir 2018

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá an-áthas orm Ráiteas Straitéise an Údaráis do na cúig bliana amach romhainn a chur faoi do bhráid. Réitíodh an straitéis seo le rannpháirtíocht ón bhfoireann agus ónár mBord agus i ndiaidh comhairliúcháin ó na príomhpháirtithe leasmhara.



Ag breathnú ar na blianta amach romhainn, is cinnte go mbeidh an tréimhse a iontaí is a bheidh sí dúshlánach. Beidh sé dúshlánach mar méadóidh éileamh ar iompar poiblí de réir mar a fheabhsaíonn an geilleagar, beidh níos mó daoine ag dul ar obair, ag dul ar an ollscoil, as casadh le cairde agus ag cur ama ar leataobh le freastal ar ócáidí teaghlaigh. Ach bíonn sé seo spreagúil chomh maith, tá an seans ann sna blianta beaga amach romhainn go mbeimid in ann athrú mór a chur i bhfeidhm maidir leis na bealaí a bhíonn daoine ag iompar tríd an gcóras iompair poiblí nua-aimseartha agus dinimiciúil a theastaíonn a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Sna blianta beaga i ndiaidh bhunú Údaráis Náisiúnta Iompair bhí laghdú suntasach sa mhaoiniú a bhí ar fáil i gcomhair bonneagar iompair poiblí agus seirbhísí agus bhí laghdú i líon na bpaisinéirí chomh maith. Mar sin féin, b'údar buíochais dúinn iad na trí bliana seo caite ina bhfacthas méadú in éileamh iompair poiblí agus méadú i maoiniú an Rialtais i gcomhair soláthair seirbhísí.

Is amhlaidh gur ionann 16% agus fás líon iomlán aistear paisinéirí thar na seirbhísí fóirdheonaithe sa tréimhse sin agus chuir sé sin leis an ioncam ó tháillí a chuidíonn le soláthair iompair. Beidh ar an Údarás anois dul i ngleic leis an éileamh méadaithe seo ar sheirbhísí iompair agus an plódú lena bhaineann trí thairiscint an iompair poiblí a fheabhsú.

Le linn tréimhse an Ráitis Straitéise deiridh forbraíodh pleananna straitéiseacha don bhonneagar agus do na seirbhísí atá teastáil chun tacú le forbairt gheilleagrach an Stáit.

Tá sé soiléir go bhfuil maoiniú ríthábhachtach i gcomhair forbairt agus feidhmiú príomhphleananna an Údaráis ar nós Ráiteas Straitéise Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035. Agus é seo á scríobh, táthar ag súil go gcuirfidh an Rialtas an clár chaiteachas caipitiúil deich mbliana chun críche i míonna luaith an bhliain 2018.

Agus é sin in uachtar na hintinne, díreofar ar fheidhmiú na bpleananna sin lena n-áirítear Metro, BusConnects, clár sínte DART agus cur leis na naisc de chosáin shábháilte siúil agus rothaíochta i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus ar fud an stáit.

Ní minic a bhíonn ár gcuid oibre sna ceannlínte. Tá réimse fairsing feidhmeanna ag an Údarás lena n-áirítear pleanáil, feidhmiú agus maoiniú iompair poiblí; conradh a dhéanamh le seirbhísí

iompair poiblí fóirdheonaithe; earnálacha amhail busanna tráchtála agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí a rialáil; áiseanna agus bonneagar a chuideoidh leis an rothaíocht agus an siúl a dhéanamh níos sábháta agus níos tarraingtí a chur ar fáil; oibriú leis na húdaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí chun polasaithe maidir le hiompar agus le húsáid talaimh a chur le chéile; tacaíocht a thabhairt do chlár oideachais chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn.

Mar aon leis an ról reachtúla agus an ról riaracháin atá againn, bímid i dteagmháil leis an bpobal go laethúil agus muid ag cur faisnéis taistil iompair ar fáil don lucht a bhíonn ag taisteal. Tacaíonn na feidhmeanna sin uile le polasaí an rialtais chun an pobal a mhealladh níos mó leas a bhaint as modhanna iompair atá inbhuanaithe.

Agus na feidhmeanna seo á gcomhlánú ag an Údarás, is é príomhchúram an Údaráis cinntiú go bhfuil na seirbhísí agus an bonneagar iompair poiblí deartha agus ag feidhmiú go mbeadh an t-eispéireas is fearr ag an lucht a bhíonn ag taisteal agus an luach is fearr a fháil le hinfheistiú an Stáit. Bíonn sé sin i gcoírlár gach rud a dhéanaimid.

Léirítear sa Ráiteas Straitéise seo na héilimh atá ar an Údarás agus na héilimh sin ag méadú, chun seirbhísí iompair poiblí atá éifeachtúil, feidhmiúil agus atá ar phraghas réasúnta a chur ar fáil don phobal a bhíonn ag taistil. Beidh an deis ag an Údarás sa chúig bliana atá le teacht tús a chur le feidhmiú an bhonneagair a theastaíonn chun tacú leis an méadú éilimh seo ar iompar inbhuanaithe.

Déanfar cinntí taobh istigh den tréimhse a bhaineann leis an Ráiteas Straitéise seo ar na conarthaí Direct Awards i gcomhair Dublin Bus, Bus Éireann agus Iarnród Éireann agus ar fhairsinge aon iomaíocht eile sa mhargadh bus fhóirdheonaithe. Tosóidh seirbhísí i mBaile Átha Cliath leis an soláthraí nua GoAhead Dublin Limited. D'éirigh leis an Údarás athchóiriú a chur i gcrích ar sholáthair seirbhísí iompair poiblí thuaithe. Tá roinnt oifigí Locallink i bhfeidhm anois ar fud na tíre agus is é an príomhchúram atá orthu ach freastal ar an éileamh atá ar iompar poiblí i gceantair thuaithe.

Chonacthas forbairt ar an gcreat ar son sheirbhísí iompair poiblí níos fearr a chur ar fáil don phobal sna trí bliana seo caite. Is é an dúshlán atá orainn na seirbhísí sin a fheabhsú arís leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn agus freastal ar an éileamh atá ag méadú le soláthair seirbhísí agus bonneagair.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann a chabhraigh le réiteach na cáipéise seo. Níl aon dabht agam óna rannpháirtíocht díograiseach go bhfuil siad tiomanta chun spriocanna uailmhianacha a shocrú agus a bhaint amach don Údarás.

Tá mé ag súil go mór le tosú ag obair leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe chun na cuspóirí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo a bhaint amach.



Anne Graham Príomhfheidhmeannach
Eanáir 2018

ATHBHREITHNIÚ AR RÁITEAS STRAITÉISE 2015-2017



Athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise 2015-2017



Cuireadh an Ráiteas Straitéise 2015-2017

i bhfeidhm i dtréimhse ina neartaigh geilleagar na hÉireann arís agus bhí níos mó éilimh ar sheirbhísí iompair agus méadú i líon na bpaisinéirí ar iompar poiblí mar thoradh air sin.

Cuir i gcás, chonacthas méadú bliain ar bhliain i líon na dturas a rinneadh ar sheirbhís bus agus iarnród atá faoi chonradh leis an Údarás b'ionann 16% agus an méadú iomlán thar na sheirbhísí uile nó 34 milliún níos mó turais ar bus agus ar an iarnród. Cé gur dea-scéal é an méadú sin cuireadh níos mó brú ar sheirbhísí conraithe chomh maith. Ba chóir aird a thabhairt ar an bhfóirdheontas breise de €34 milliún a fuair an tÚdarás ón Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt le linn na tréimhse ar son soláthair na seirbhísí conraithe.

Bhí an deis ann seirbhísí a bhí ann cheana féin a fheabhsú agus seirbhísí nua a chur leo fiú mar gheall ar an méadú beag i bhfóirdheontas mar aon leis an ioncam breise ó tháillí. Áit ar ardaíodh táillí ní raibh an méadú sin rómhór agus rinneamar cinnte go bhfuair custaiméirí a d'úsáid an Leap Card táillí ní b'ísle ná custaiméirí a d'úsáid airgead tirim. Ina theannta sin, d'éirigh leis an Údarás struchtúir na dtáillí a shimpliú níos mó agus tugadh aghaidh ar an míchothromaíocht agus an neamhleanúnachas atá sna struchtúir sin chomh maith.

Cé go raibh baint ag cúrsaí geilleagracha agus iad ag feabhsú leis an bhfás seo bhí baint ag an iarracht ollmhór ón Údarás agus ónár n-oibreoirí athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair poiblí a bhí ann cheana féin, ar naisc, ar fhaisnéis agus ar tháillí i gceantair uirbeacha agus thuithe ar fud an Stáit agus feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ar son leasa na gcustaiméirí na ceantair sin. Ba shampla amháin é na seirbhísí iarnróid nua ag buaic-amanna a tugadh isteach ag nascadh líne Chill Dhara le stáisiún Dhug na Canálach Móire leis an tollán athchóirithe ag Páirc an Fhionnuisce Nua.

Leag an tÚdarás spriocanna feidhmíochta ní ba dhúshlánaí síos i gcomhair Dublin Bus, Bus Éireann agus Iarnród Éireann le linn an tréimhse seo agus lean an tÚdarás ar aghaidh ag forbairt a chumais monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna sin. Cuireadh seirbhísí iompair poiblí ar fáil ar chaighdeán ní b'airde ná a rabhtas ag súil leis mar gheall ar an monatóireacht éifeachtach seo ar fheidhmíocht oibreoirí.

Le linn an tréimhse seo lean an tÚdarás ar aghaidh ar an bpróiseas iomaíoch tairisceana ar son sciar de na seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a chuireann Dublin Bus agus Bus Éireann ar fáil faoi láthair. Faoi dheireadh an bhliain 2017, d'fhógair an tÚdarás gurbh é GO-Ahead Dublin Limited an tairgeoir is fearr don chonradh a bhaineann le feidhmíocht bealach i mBaile Átha Cliath agus gurbh é Bus Éireann an tairgeoir is fearr i gcomhair 5 bhealach i gCathair Phort Láirge.

Is cuid thábhachtach iad na seirbhísí bus poiblí a reáchtálann oibríochtaí bus tráchtála atá ceadúnaithe ag an Údarás i dtairiscint sheirbhísí iompair poiblí ar fud na tíre. Chonacthas fás mór sna seirbhísí seo agus is ionann 30% agus an méadú i líon na bpaisinéirí le linn na tréimhse. Mar a tharlaíonn sé, breathnaíonn paisinéirí a thógann na seirbhísí cóiste cianaistir orthu mar sheirbhís atá poncúil, iontaofa agus sábháilte de réir suirbhé a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach agus fuair na seirbhísí bus sin an leibhéal ab airde de shásamh custaiméirí i roinnt tomhais i gcomparáid le seirbhísí cóiste eile an AE.

Ach bhí deacracht mhór ag an Údarás sa bhliain 2015 áfach, nuair a rinne Bus Éireann cinneadh tarraingt siar ar roinnt dá sheirbhísí bus tarrthála Expressway i gceantair ar leith chun amanna taistil níos tapa ó cheann go ceann a chur ar fáil. Bhí ar an Údarás dul i ngleic leis seo go tapa ionas nach bhfágfar na daoine sna ceantair sin gan bhealach ar obair agus abhaile ón obair nó chuig ócáidí sóisialta. Chas an tÚdarás daoine leasmhara áitiúla le cinntiú go dtuigtear a gcuid gá agus go gcuirfear san áireamh iad maidir le soláthair seirbhísí bus mhalartacha.

Tá an Leap Card bunaithe anois ar an modh is éasca, is sábháilte agus is saora chun íoc as iompar poiblí beag beann ar úsáideoir rialta nó úsáideoir neamhrialta iompair poiblí thú. Ligeann an Leap Card don Údarás táilli a réasúnú agus a shimpliú agus táilli speisialta a tháirgeadh ar sprioclucht ar leith ar nós páistí scoile agus turasóirí a thagann go hÉirinn.

Díoladh beagnach 2.8 milliún Leap Card ónár seoladh iad agus baineadh leas gníomhach ag 1 milliún ar an meán. Tugadh an Leap Card isteach i Luimneach agus i bPort Láirge chomh maith agus anois tá an cárta ar fáil sna cúig cheantar uirbeacha is mó sa Stát. Rinneadh athdhearadh ar shuíomh idirlín an Leap Card lena dhéanamh níos saoráidí do chustaiméirí. Sheol an tÚdarás aip chomh maith ar a mbeidh custaiméirí in ann breisiú creidmheasa a chur ar a Leap Card ar fhóin chliste Android a bhfuil NFC ceadaithe orthu.

Íoslódálar níos mó agus níos mó d'aipeanna custaiméirí an Údaráis agus íoslódáladh níos mó ná 1.2 miliúin leagan d'aipeanna an Údaráis faoi dheireadh an bhliain 2017. Cuireadh críoch leis an athdhearadh mór a rinneadh ar an aip Real Time Ireland.

Tugadh an t-ainm branda nua do sheirbhísí comhtháite bus agus iarnróid - Transport for Ireland - isteach den chéad uair sa bhliain 2010. Bunaíodh suíomh gréasán Transport for Ireland ag an am céanna chomh maith go mbeidh sé ina fhianaise údarásach ar fhaisnéis iompair poiblí chomhtháite. I rith na bliana 2015 rinneadh cinneadh an branda a athnuachan agus cruthaíodh lógó nua i gcomhair Transport for Ireland go mbainfear leas as ar bhonneagar agus ar fhaisnéis iompair poiblí conraithe uile.

Bhí maoiniú caipitiúil srianta i gcomhair bonneagar iompair poiblí le linn an tréimhse seo arís. Ba é an infheistíocht ba mhó tógáil Luas Cross City a osclaíodh i gcomhair seirbhísí i Nollaig 2017. Trí nasc a chur leis na línte Luas a bhí ann cheana féin agus an tseirbhís a shíneadh i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, d'éirigh leis an Luas Cross City cur leis an bhfás i líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí Luas. Is mór an tionchar a bheidh ag Luas Cross City agus é ag oscailt cathair Bhaile Átha Cliath, tá sé níos éasca anois dul ó áit go háit. Ar an mbonn sin lean an tÚdarás agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ar ullmhúcháin a gcinnteoidh go mbeidh teacht éasca ag comaitéirí, siopadóirí, turasóirí agus cónaitheoirí ar lár na cathrach.

Bhí níos mó infheistíochta suntasaí ann i gceannach busanna nua i gcomhair seirbhísí bus conraithe chun aois an fhlít a choinneáil mar an gceánna rud atá tábhachtach mar gheall ar chúiseanna oibriúcháin. Ar ndóigh cuireann na busanna nua seo áiseanna níos fearr ar fáil ar bord ná na seanbhusanna agus cuireann sé sin le compord an turais.

Tugadh €50.8m (cionroinnt trí bliana) do thionscail shiúil, rothaíochta agus do thionscadail iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Bhí na háiseanna ardchaighdeán i gcomhair coisithe agus rothaithe idir Bóthar an Tóchair agus An Droichead Adhmaid i gCluan Tarbh agus ar Chonair Rothaíochta an Chósta Thoir ar cheann de na tionscadail ba mhó aitheanta a cuireadh i gcrích.

Chríochnaigh an tÚdarás ar na caighdeáin nua i gcomhair deartha stadanna bus agus an fhaisnéis a chuirfear ar fáil ag staideanna bus. Cuireadh tús leis an gclár náisiúnta seo i gCorcaigh. Ach ní raibh an maoiniú ann an clár a chur i bhfeidhm aon áit eile taobh amuigh de Chorcaigh.

Ba mhór an gaisce é céadú a fháil ón Aire ar Straitéis Iompair fadtéarmach Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ba chéim thábhachtach í seo i bhforbairt chur chuige i leith iompair agus úsáide talaimh atá níos chomhtháite i bpleanáil an Stáit. Tá ráiteas taistil ann den chéad uair a bhfuil bonn reachtúla leis mar threoir i gcomhair cinntí a bhaineann le soláthair iompair ar fud an cheantar is mó daonra na tíre. Tuigtear go maith ag an bpointe seo na torthaí diúltacha a bhaineann le scaradh idir pleanáil iompair agus pleanáil úsáide talaimh. Lena n-áirítear níos mó sraoilleála uirbí agus bíonn sé deacair freastail ar na ceantair seo le hiompar poiblí agus mar sin bíonn níos mó daoine ag timaistear achar fada sa charr. Cabhróidh forbairt straitéise iompar fhadtéarmaigh linn na tionchair seo a chur ina gcoinne agus is é an gnás coitianta é go hidirnáisiúnta.

Chabhraigh an tÚdarás le húdaráis áitiúla sna cathracha réigiúnacha an Gaillimh agus Corcaigh chun ráitis den chineál céanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina gcathair fheidhmiúla / gcathair dhúthacha. Chuir Comhairle Chathair na Gaillimhe Straitéis Iompair na Gaillimhe lena phlean forbartha reachtúil.

Is próiseas ríthábhachtach é léirshamhail a dhéanamh ar an iompar i bpleanáil agus i seachadadh aon tionscadal iompair. Chríochnaíomar ar fhorbairt agus tástáil léirshamhálacha d'iompair ilchórach réigiúnacha nua. Clúdaítear leis na léirshamhálacha iompair ilchóracha seo an tír iomlán den chéad uair agus cabhróidh siad go mór le pleanáil fhorbairt iompair mhóir ar fud na réigiúnacha.

Bhí na scéimeanna rothar poiblí i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach ag feidhmiú don bhliain iomlán den chéad uair sa bhliain 2015. Ar an iomlán, chláraigh níos mó daoine ná a rabhthas ag súil leis. Cé go raibh an-rath ar an scéim i gCorcaigh, ní raibh an rath céanna ar na scéimeanna i nGaillimh agus i Luimneach agus chláraigh níos lú daoine leis na scéimeanna sin. D'oscail an tÚdarás ocht stáisiún nua i nGaillimh agus bhí méadú ar líon na n-úsáideoirí ann mar thoradh air sin.

Leanadh ar aghaidh ar athstruchtúráil seirbhísí iompair thuaithe le linn na tréimhse. Is é cuspóir an próiseas an athstruchtúraithe seo seirbhísí níos fearr atá comhtháithe leis an ngréasán iompartha poiblí níos leithne. Cuireadh athchumraíocht na n-eagraíochta a bhíonn ag plé le pleanáil agus le seachadadh seirbhísí bus thuaithe i gcrích agus cuireadh bonn le próiseas tairisceana i gcomhair feidhmiú seirbhísí bus thuaithe áirithe. Rinneadh athbhrandáil ar an gclár iompair thuaithe agus is é Local Link an branda nua.

Beidh an tÚdarás in ann monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh neart seirbhísí speisialta a fhreastalóidh ar dhaoine atá ina gcónaí i gceantair is lú daonra le cinntiú go bhfuil siad comhtháithe leis an nasc iompair níos leithne. Le linn an tréimhse ón mbliain 2015, chuir an tÚdarás beagnach 60 seirbhís nua ar fáil i gceantair thuaithe le tacaíocht ón maoiniú breise a fuarthas don chlár.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ar bhainistiú Clár Inrochtana iompair poiblí thar cionn na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Díreoidh an infheistíocht ar rochtain na stáisiún traenacha a fheabhsú toisc go raibh an maoiniú srianta, ag cur le céatadán na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí atá inrochtana agus tógáil staideanna bus inrochtana le freastal ar fhlít coistí a thosóidh i nDún na nGall. Ba mhór an tionscadal é ardaitheoirí a chur isteach ar Ardán 6 agus 7 ag Stáisiún Uí Chonghaile agus tá rochtain iomlán ar an stáisiún seo anois.

Chuir an tÚdarás Scéim Mhaoinithe maidir le Feithiclí a dhéanamh oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí i bhfeidhm do fheithiclí beaga seirbhíse poiblí. Cuireadh 651 feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothar leis an bhflít le linn tréimhse an seanráitis. Tá 7.6% faoin gcéad den fhlít oiriúnach do chathaoireacha rothar agus níl sé sin rófhada ón sprioc a bhí ag an Údarás 10% faoin gcéad den fhlít a bheith oiriúnach do chathaoireacha rothar faoin mbliain 2020.

Tháinig an tAcht um Clampáil Feithiclí 2015 i bhfeidhm ag deireadh an bhliain 2017, tugtar freagracht don Údarás rialáil a dhéanamh ar chlampáil feithiclí go náisiúnta san acht seo. Cuireann an tÚdarás na feidhmeanna a leagtar air faoin réachtúlacht seo i gcrích anois.

“ Cuir i gcás, chonacthas méadú bliain ar bhliain i líon na dturas a rinneadh ar sheirbhís bus agus iarnród atá faoi chonradh leis an Údarás b'ionann 16% agus an méadú iomlán thar na seirbhísí uile nó 34 milliún níos mó turais ar bus agus ar an iarnród. ”

ANAILÍS EACNAMÁÍOCH



Anailís Eacnamaíoch



Is éileamh díorthaithe é éileamh iompair agus athraíonn sé in éineacht le staid an gheilleagair ag aon am ar leith. Tá sé soiléir ó na sonraí atá againn go bhfuil feabhas ar an ngeilleagar le cúpla bliain anuas. Ardaíodh OTI agus OTN araon gach bliain ón mbliain 2013 agus tá na comharthaí ann go bhfásfaidh an geilleagar arís sna blianta beaga amach romhainn.

Cé go raibh fás in infhostaíochta le cúpla bliain anuas bhí thart ar 40,000 níos mó duine fostaithe roimh an ngéarchéim gheilleagrach i gcomparáid leis an am i láthair. Mar sin tá éileamh ar iompar ag fás fós agus ba mhaith leis an Údarás cinntiú go mbeifear in ann freastal ar an éileamh breise seo le hiompar poiblí.

Is iad an fás sa gheilleagar agus an fás in infhostaíochta lena bhaineann na príomhghnéithe a chuireann le fás i líon na bpaisinéirí ar iompar poiblí. D'ardaigh líon na dturas paisinéirí le 4% sa bhliain 2014, 2015 agus 2016 agus is ionann 7% agus fás na dturas paisinéirí a baineadh amach sa bhliain 2017.

Is iomaí tacar sonraí a úsáideann an tÚdarás chun cion módach taistealaithe ar son cúiseanna éagsúla a mheas ionas go mbeifear in ann pleanáil i gcomhair éileamh níos mó ar iompar. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhthorthaí a foilsíodh i nDaonáireamh 2016 a bhaineann le hiompar:

- D'fhán an cion módach i gcomhair iompar inbhuanaithe idir an bhliain 2011 agus 2016 mar an gcéanna go náisiúnta ag 30.9%;
- Laghdaigh an cion módach i gcomhair iompar inbhuanaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ó 41.7% go dtí 42.8%;
- Téann níos mó daoine ar obair ar rothar agus is ionann 43% agus an méadú i líon na ndaoine a théann ar rothar anois i gcomparáid leis an mbliain 2011;
- Tháinig méadú ar an am timaistrithe chun na hoibre ó 26.6 nóiméad go dtí 28.2 nóiméad agus bhí méadú ar líon na ndaoine a chaitheann níos mó ná uair an chloig ag timaistear sa tréimhse sin chomh maith;
- Cé go dtaistealaíonn an chuid is mó de dhaltáí ar gach leibhéal go dtí an t-oideachas i gcarr, tháinig laghdú 3% ar líon na mac léinn tríú leibhéal a thaistealaíonn i gcarr.

Tá plódú tráchta inár gcathracha i bhfad níos measa le dhá bhliain anuas. Laghdaigh an meánluas tráchta i mBaile Átha Cliath le beagnach 5.5% idir an bhliain 2014 agus an bhliain 2015. Chonacthas an claonadh seo arís sa bhliain 2016 nuair a laghdaigh an meánluas tráchta sa réigiún le 18% ag an mbuaicúair maidine.

Beidh dúshlán ag an Údarás sna cúig bliana amach romhainn freastal ar an éileamh iompair agus é ag ardú chun tacaíocht a thabhairt don gheilleagar atá ag fás agus cinntiú go mbainfear úsáid as modhanna inbhuanaithe do na turais sin.

Déantar achoimriú ar phróifíl infheistíochta in iompar ar tír sna blianta caite i gcáipéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt dar teideal Creat Straitéiseach le haghaidh Infheistíochta in Iompar ar Tír. Thit líon na hinfeistíochta mar chéatadán de OTI go bun stairiúil ag 0.5%. Ach ní léir anois an ardóidh leibhéil infheistíochta go dtí an meán fadtréimhseach ag 1.15% a bhíodh ann. Beadh céatadán ní b'airde ná sin ag teastáil go mbeadh téarnamh ann i ndiaidh deich mbliana gan dóthain infheistíochta chun an bonneagar atá ann a chaomhnú mar aon le bonneagar nua a chur ar fáil.

“ D’ardaigh líon na dturas paisinéirí le 4% sa bhliain 2014, 2015 agus 2016 agus is ionann 7% agus fás na dturas paisinéirí a baineadh amach sa bhliain 2017. ”

MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR



Ár bhFÍS

Iompar poiblí atá ar ardchaighdeán, atá inrochtana agus inbhuansaithe a chur ar fáil chun daoine ar fud na hÉireann a nascadh le chéile

ÁR mBUNCHUSPÓIR:

Déanfaimid na nithe seo a leanas chun ár bhfís a bhaint amach...



01

Soláthair córas iompair atá éifeachtach, inrochtana agus comhtháite i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha na hÉireann a dheimhniú.

02

Eispéaras na gcustaiméirí a athrú agus a fheabhsú.

03

Seirbhísí bus príobháideach a rialáil ar son leasa na gcustaiméirí.

04

Cabhraigh le comhtháthú éifeachtach ar pholasaithe a bhaineann le hiompar agus le húsáid talaimh.

05

Aistriú pobal na hÉireann chuig córas iompair le níos lú astaíochtaí a chur chun cinn.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

Ar leibhéal náisiúnta,
tá an tÚdarás
freagrach as:

- Seirbhísí iompair poiblí a sholáthar trí chonarthaí seirbhísí iompair poiblí;
- Ticéadú, táillí agus eolas comhtháite a chur ar fáil;
- Líonra iompair comhtháite, inrochtana poiblí a fhorbairt;
- Seirbhísí poiblí bus nach bhfaigheann fóirdheontais a cheadúnú;
- An Clár Iompair Tuaithe agus struchtúr na n-oifigí Locallink a thiocfaidh ina dhiaidh a bhainistiú;
- Bonneagar agus flíteanna bus agus scéimeanna agus áiseanna rothaíochta a sholáthar;
- Branda aonair iompair poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl le haghaidh rialú agus oibriú feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní) agus a dtiománaithe;
- Aighneachtaí maidir le pleananna reachtúla ar úsáid talaimh a ullmhú;

- Sonraí staitistiúla agus faisnéis faoi chúrsaí iompair a thiomsú;
- Na cearta a thugann an AE do phaisinéirí a fhorfheidhmiú i gcás iompair iarnróid, agus iompar ar muir agus iompar ar bhusanna agus cóistí;
- Bailíochtú a dhéanamh ar údaruithe an AE agus foirmeacha turais maidir le busanna agus taisteal cóiste i gcomhréir le Rialachán an AE Uimh. 1073/2009;
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonaí; agus
- Clampáil feithicle a rialú.

Laistigh de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, tá na freagrachtaí breise seo a leanas ag an Údarás:

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair;
- Soláthair bhonneagar iompair poiblí a chosaint; agus
- Bainistíocht éifeachtach a fhorbairt maidir le héilimh thráchtá agus iompair.



TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2018-2022



Tosaíocht 1:



Pleanáil straitéiseach a dhéanamh ag úsáid an ailíniú is fearr maidir le húsáid talaimh agus le polasaí agus cleachtas iompair ag ceadú níos mó iompair ar mhodhanna inbhuanaithe.

Príomhchuspóirí:

1. An clár oibre maidir leis an gá atá ann i gcomhair pleanáil chomhtháite talaimh agus iompair a chur chun cinn;
2. Comhtháthú níos fearr idir soláthair iompair agus pleanáil úsáide talaimh a laghdaíonn éileamh iompair agus a éascaíonn iompar ar mhodhanna inbhuanaithe a chumasú;
3. Creat láidir pleanála a chur ar fáil mar threoir do chinntí ar infheistíochta iompair agus seachadadh tionscadal; agus
4. Cabhraigh le spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí laghdaithe.

Céimeanna i dtreo seachadta:

- Straitéisí iompair a phléann le gach réigiún sa Stát a fhorbairt faoi dheireadh an bhliain 2019;
- Plean Feidhmithe Comhtháite do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm faoi dheireadh an bhliain 2018;
- Comhthánú níos fearr maidir le pleanáil úsáide talaimh agus iompair a chur chun cinn trí níos mó conairí iompair a fhorbairt;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 faoi dheireadh an bhliain 2022;
- Tograí ar an úsáid talaimh is fearr le comhtháthú le tógraí iompair a fhorbairt le cur faoi bhráid na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach;
- Treoir ar shaincheistean a bhaineann le húsáid talaimh agus le hiompar a chur le chéile agus a chur i gcló go gcabhróidh sí le comhlachtaí reachtúla agus le grúpaí eile lena baineann a gcuspóirí maidir le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach;
- Téigh i gcomhairle le húdaráis áitiúla chun scéimeanna tobaigh forbartha éifeachtúla a chur i bhfeidhm do na scéimeanna bonneagair iompair poiblí is mó;
- Níos mó forbairt a dhéanamh ar staitisticí iompair bhliantúil chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe i bpatrúin iompair agus ar éifeacht ionchuir iompair;
- Lean ar aghaidh ar fhorbairt uirlisí leirshamhála chun cabhrú le pleanáil straitéiseach iompair agus le cinntí infheistíochta caipitiúla; agus
- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do thionóil réigiúnacha i bhforbairt pleananna iompair an cheantair.

Tosaíochta 2:



Modhanna iompair atá níos inbhuanaithe a chur chun cinn.

Príomhchuspóir:

1. Athrú ón gcarr go dtí modhanna iompair atá níos inbhuanaithe (iompar poiblí, rothaíocht agus siúl) a chur chun cinn agus astaíochtaí carbóin a laghdú sa bhealach sin;
2. Éascaíocht agus tarraingteacht iompair poiblí a chur chun cinn; agus
3. Cuir le haitheantas náisiúnta iompair poiblí, Transport for Ireland, le hiompar poiblí na tíre agus le roghanna iompair.

Céimeanna i dtreo seachadta:

- Pleananna comhtháite náisiúnta chumarsáide agus mhargaíochta a fhorbairt agus aird a tharraingt ar an iompar poiblí agus pátrúnacht a ardú agus an tsiúl agus rothaíocht a chur chun cinn chun méadú 20% a bhaint amach i dturais paisinéirí ;
- Clár margaíochta comhtháite bliantúil a fhorbairt agus a sheoladh le hoibreoírí iompair poiblí;
- Plean maidir le feidhmiú céimneach Transport for Ireland a fhorbairt agus a seoladh ag tabhairt ainm ar phríomhbhonneagar iompair agus ar phríomhphointí faisnéise;
- An clár náisiúnta Smarter Travel Workplaces a fhorbairt agus a bhainistiú ar son na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;
- Pleanáil iompar cuí agus éifeachtach a fhorbairt agus a sheachadadh don bhunscoil agus don mheánscoil agus iompair inbhuanaithe a chur chun cinn le clár feasachta;
- Lean ar aghaidh ar fhorbairt an chlár Smarter Travel ar champas;
- Comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le comhlachtaí poiblí eile a chuireann seirbhísí faisnéise iompair ar fáil (m.sh.gníomhaireachtaí turasóireachta);
- Ard a tharraingt ar sheirbhísí iompair thuaithe; agus
- Lean ar aghaidh ag bailiú agus ag foilsiú sonraí maidir le húsáid seirbhísí iompair poiblí, rothaíocht agus siúl.

Tosaíocht 3:



Ar aon dul leis an maoiniú atá ar fáil, clár infheistíochta bonneagair atá éifeachtach a chur i bhfeidhm, clár ina gcuirtear bonneagar iompair poiblí atá inbhuanaithe maidir le costas agus a théann le trácht cuí agus beartais bhainistíochta ar éileamh.

Príomhchuspóirí:

1. Pleananna infheistíochta atá bunaithe ar anailís láidir a chur le chéile le cuidiú le tosaíochtaí infheistíochta atá éifeachtach a roghnú;
2. Seachadadh éifeachtúil de chlár infheistíochta caipitiúil ar iompar poiblí do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath de réir polasaithe an Rialtais, Straitéis Iompair an Údaráis 2016 - 2035 agus treoirlínte costais agus bhainistíocht tionscadal a chinntiú agus luach airgid agus seachadadh pras a fháil ag an am céanna;
3. Córas iompair atá éifeachtúil, éifeachtach agus sábháilte a fhorbairt a bheidh an chuid is mó de dhaoine agus daoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil lagú siúil orthu san áireamh in ann seirbhís iompair poiblí atá iontaofa a úsáid go héasca;
4. Naisc agus bonneagar cuí a chur ar fáil don rothaíocht agus don siúl;
5. Éileamh éifeachta tráchta a chur chun cinn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
6. Seachadadh na bpríomhchláir infheistíochta a bhainistiú de réir phleananna reachtúla; agus
7. Flít a bhaineann astaíocht leis a chur ar fáil chun cabhrú le spriocanna laghdú astaíochtaí na hÉireann.

Céimeanna i dtreo seachadta:

- › Tús a chur le tógáil an New Metro North sa bhliain 2021;
- › 150km de “Lána Bus don Chéad Ghlúin Eile” a chur ar fáil faoin gclár BusConnects;
- › 200km de bhonneagar rothaíochta a chur ar fáil faoin Greater Dublin Area Cycle Network Plan;
- › Bainistíocht tráchta straitéiseach a ullmhú, glac leis agus a chur i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- › Oibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Bonneagar Iompair Éireann chun an bonneagar bóthar a theastaíonn a chur ar fáil don réigiún;
- › Scéim bainistíochta ar éileamh a ullmhú, glac leis agus a chur i bhfeidhm do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath; agus
- › 300 bus nua a mbaineann astaíochtaí níos ísle leo a cheannach i gcomhair seirbhís bus fóirdheonaithe;
- › Saoráid ceannais a sheachadadh d’iompar poiblí; agus
- › Stadanna bus agus foscadáin bus a chur ar fáil le cur le heispéireas an chustaiméara.

Tosaíocht 4:



Rialáil a dhéanamh agus cuir le caighdeán na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSVanna), earnálacha bus tráchtála ar son paisinéirí agus paisinéirí féidirithe agus rialáil a dhéanamh ar roinnt gníomhaíochtaí clampála ar fud an Stáit.

Príomhchuspóirí:

1. Leanúint ar fhorbairt an creata reachtúla agus ar chóras géillte do na hearnálacha SPSV agus busanna tarrthála chun cur le caighdeán, sábháilteacht agus rochtain na seirbhísí;
2. Gníomhaíochtaí clampála a rialáil le cinntiú go gcuirtear i gcrích iad ar chaighdeán cuí agus i gcomhréir le riachtanais reachtúla;
3. Comhlíonadh oibreoirí le rialacháin reachtúla san earnáil SPSV, bus tarrthála agus clampáil feithiclí a chinntiú; agus
4. Cinntiú go bhfuil na córais sna hearnálacha seo a bhaineann le ceadú reachtúla agus le hachomharc éifeachtach agus cothrom d'oibreoirí agus d'achomharcóirí.

Céimeanna i dtreo seachadta – Earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSVanna)

- › Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbaintear úsáid as cur chuige atá éifeachtach agus éifeachtúil le rialáil earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí in Éirinn;
- › Córas comhlíonta láidir a choinneáil le cinntiú go bhfuil feithiclí SPSV agus tiománaithe SPSV ar ardchaighdeán de réir riachtanas reachtúil;
- › Seirbhísí na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí a chur chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas le bearta reachtúla agus cúnamh airgid a thabhairt más cuí; agus

Céimeanna i dtreo seachadta – Clampáil Feithicle

- › Córas achomhairc atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach a reáchtáil maidir le hachomhairc clampála;
- › Cód Cleachtais a ullmhú, glac leis agus a chur i bhfeidhm i gcomhair oibreoirí clampála faoi dheireadh an bhliain 2018;
- › Cur chúige comharthaíocht maidir le gníomhaíochtaí clampála a chur i bhfeidhm faoi dheireadh an bhliain 2020, ag tabhairt ama don tréimhse aistrithe; agus
- › Córas comhlíonta láidir a reáchtáil le cinntiú go gcuirtear oibríochtaí clampála i gcrích de réir riachtanas reachtúla.

Céimeanna i dtreo seachadta – Seirbhísí Busanna Tráchtála

- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar ‘Treoirínte maidir le Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí a Cheadúnú’ agus athruithe cuí a mholadh faoi dheireadh an bhliain;
- ▶ Téigh i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tabhair moltaí maidir leis an gcreat reachtúil i gcomhair taisteal idirnáisiúnta ar bus agus ar cóistí;
- ▶ Déan iarracht an córas comhlíonta láidir a fhorbairt níos mó agus a choinneáil le meascán de fhorfheidhmiú, oideachas agus gníomhaíochtaí comhairleacha;
- ▶ Monatóireacht a dhéanamh agus lean ar aghaidh ar fhorbairt coinníollacha comhréireacha maidir le ceadúnas a chuireann le tairiscint an chustaiméara agus a ardaíonn an caighdeán ginearálta do sheirbhísí bus poiblí agus tarrthála;
- ▶ Leanúint fás a chur leis an earnáil iompair bus poiblí cheadaithe i gcomhréir le héileamh; agus
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag bailiú faisnéis staitistiúil agus ag cur feasacháin a bhaineann le seirbhís bus tarrthála in Éirinn i gcló.



Tosaíocht 5:



A chinntiú go mbeidh an soláthar is fearr is féidir ann maidir le seirbhísí ard chaighdeáin iompair poiblí fóirdheontais sa Stát.

Príomhchuspóirí:

1. Líonra oiriúnach a aithint maidir le seirbhísí iompair poiblí do phaisinéirí;
2. Seirbhísí ardchaighdeáin inrochtana bus, iarnróid throm agus iarnróid éadrom a fháil ar an luach is fearr ar airgead;
3. Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí iompair poiblí ar conradh;
4. Beartha a neartú chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí ar conradh téarmaí a gconarthaí;
5. An Clár Iompair Thuaithe a bhainistiú agus a sheachadadh;
6. Seirbhísí nua bus fóirdheonaithe ar conradh a chur le córas iomlán iompair poiblí atá chomhtháite; agus
7. Conarthaí a úsáid chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhís do chustaiméirí.

Céimeanna i dtreo seachadta:

- › Tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal, athdhearadh ar an gcóras bus i mBaile Átha Cliath a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chuid den chlár BusConnects;
- › Athbhreithniú a dhéanamh éifeacht na gconarthaí dámhachtana díri, cinneadh a dhéanamh ar an straitéis chonartha is fearr do sheirbhísí bus ón mbliain 2019 ar aghaidh agus seirbhísí a fháil i gcomhréir leis an straitéis sin;
- › Príomh-mhéadraigh feidhmíochta a fheabhsú maidir leis an gConradh Dámhachtana Díri le hIarnród Éireann Railway Undertaking a fheabhsú faoin mbliain 2019;
- › Tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla agus iad ag forbairt straitéisí i gcomhair astaíochtaí carbóin níos ísle, ag iarraidh seasmhacht na haeráide a fheabhsú agus plódú tráchta a laghdú;
- › Soláthair seirbhísí bus i mbailte a aithint agus a chinntiú áit a bhfuil an t-éileamh ar iompar inmheánach ag méadú, i gcathair agus i mbailte meánmhéide lena n-áirítear Cathair Chill Chainnigh, Droichead Átha, Dún Dealgan, An Uaimh, An Muileann gCearr agus Baile Cheatharlach;
- › Leanúint ar fhorbairt sheirbhísí nua agus cuir leis na seirbhísí atá ann faoi láthair le freastal níos fearr ar cheantair thuaithe na hÉireann;
- › Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí nua agus ar sheirbhísí a chuireadh leis an seanchóras chun cáilíocht a chur chun cinn sna seirbhísí sin agus chun iontaofacht agus poncúlacht a fheabhsú bliain ar bhliain; agus

- Rochtain ar iompar poiblí do dhaoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú leis na rudaí seo a leanas:
 - líon na bhflíteanna bus a bhfuil rochtain ón gcosán orthu a ardú;
 - córais fhaisnéise na dturas atá ar Aipeanna a fheabhsú;
 - feasacht ar áiseanna do chathaoiréacha rothar a ardú i measc úsáideoirí; agus
 - feasacht a ardú ar thábhacht a chinntiú go bhfuil gnéithe rochtana ar fáil d'úsáideoirí a theastaíonn iad.
- Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ann cheana agus an teicneolaíocht nua chun monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí iompair poiblí; agus
- Íocaíocht gan airgead tirim a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí bus faoi dheireadh an bhliain 2020.



Tosaíocht 6



Bonneagar a fhorbairt agus a chur ar fáil a chinnteoidh go mbeidh taithí chomhsheasmhach ag custaiméirí ar na modhanna taistil go léir.


Príomhchuspóirí

1. Feabhas a chur ar an taithí atá ag custaiméirí iompair poiblí trí dheireadh a chur leis na baic atá orthu aistriú ó sheirbhís iompair poiblí amháin go seirbhís iompair eile;
2. Dlúthchuid den líonra iompair poiblí níos leithne a dhéanamh den chóras iompair tuaithe agus d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí;
3. Suirbhéanna sásaimh chustaiméirí agus taighde a dhéanamh go rialta chun feasacht níos deimhne a fháil ar eispéireas an chustaiméara, ar mheonta agus ar riachtanais;
4. Faisnéis faoi gach seirbhís iompair poiblí a chur ar fáil ar chainéil faisnéise nua agus ar chinn atá ar fáil cheana féin; agus
5. Córas ticéadaithe a sholáthar a chuirfidh ar chumas daoine gluaiseacht go héasca idir seirbhísí éagsúla.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Córas ticéadaithe a sholáthar a chuirfidh ar chumas daoine gluaiseacht go héasca idir seirbhísí éagsúla;
- › Turas seasmhach a bhfuil rochtain éasca air a dheardh agus a sheachadadh thar an réimse táirge atá againn agus ar mhodhanna cumarsáide lena n-airítear an t-idirlíon, agus na meáin ar fhóin phóca agus na meáin shóisialta;
- › Éifeacht a fheabhsú agus costais a laghdú trí chumarsáid iompair poiblí a thabhairt le chéile agus a lárú lena n-airítear fógraíocht, gníomhaíochtaí bolscaireachta agus feachtais ar na meáin dhigiteacha.
- › Córas suirbhéanna ar shásamh custaiméirí bliantúil a chur i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta maidir leis na modhanna iompair uile agus na torthaí a chur i gcló;
- › Dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le tógraí móra ar nós New Metro North agus an clár Bus Connects agus tionscadail eile más cuí;
 - › Suirbhéanna ar shásamh custaiméirí a dhéanamh go rialta ar bhealaí bus fóirdheonaithe tairgthe nua;
 - › Taighde agus scéim phíolótach a dhéanamh ar bhealaí teicneolaíochta nua chun aiseolas custaiméirí ar a n-eispéireas ar iompar poiblí a fháil; agus
 - › Caighdeánú a mhéadú agus costais a laghdú trí pleanáil a dhéanamh ar an suirbhé sásaimh chustaiméirí agus chomhordú ar fud an líonra iompair poiblí.

- › Réiteach ar thicéid a cheannach ar an bhfón póca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi dheireadh an bhliain 2019;
- › Gléasanna ticéad iniompartha a fháil le cur le cosaint ioncaim, bailíochtóirí barrachód a úsáidtear ar bus i gcomhair mTicketing a fháil agus forbairt a dhéanamh ar fhéidireacht cártaí bainc EMV/Apple Pay/Android Pay a úsáid;
- › Trealamh nua a bhaineann leis an gcóras ticéad bus a fháil, a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú;
- › Críochnaigh ar dhearadh chóras lárnach i gcomhair Ticéadú Cuntais-Bhunaithe (ABT) agus íocaíochtaí le cártaí bainc agus tús a chur leis an bpróiseas soláthair.
- › An Pleanálaí Turais Náisiúnta, an Córas Foilsitheoireachta agus Seirbhísí Faisnéise Fíor-Ama ar an tSráid do Phaisinéirí a athrú go hiomlán / nó a uasghrádú faoi dheireadh an bhliain 2018 ;
- › Faisnéis iompair ó dhoras go doras, fíor-ama, ilmhódach, iloibritheoirí níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí iompair poiblí;
- › Córas le síniú i gcomhair seirbhís iompar poiblí ar líne a chur ar fáil d'oibritheoirí bus tarrthála;



Tosaíocht 7



Eagraíocht ghairmiúil a choinneáil agus a fheabhsú le déileáil le dúshlán reatha agus dúshlán a bheidh ann amach anseo agus barr feabhais a chur chun cinn maidir le cúrsaí rialachais agus soláthar seirbhíse.

Príomhchuspóirí

1. Córais agus struchtúir sholúbtha a cheapadh agus acmhainní a sholáthar chun freagra a thabhairt ar chúrsaí agus ar thosaíochtaí atá ag athrú;
2. Ár bhfeidhmeanna a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh seirbhíse poiblí agus luach ar airgead a sholáthar; agus
3. Ár bhfeidhmeanna a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh seirbhíse poiblí agus luach ar airgead a sholáthar.

Céimeanna i dtreo seachadta

- Barr feabhais a bhaint amach in éineacht leis na daoine a oibríonn linn:
 - Plean Straitéiseach Acmhainní a chur ar fáil an Údaráis a chur i bhfeidhm agus cinntiú go bhfuil na scileanna agus an fhoireann a theastaíonn ann ag an am ceart le clár straitéiseach dúshlánach an Údaráis a sheachadadh;
 - Córas Faisnéise Acmhainní Daonna nua a chur i bhfeidhm chun sreabhadh oibre a uathobriú, taifid a dhigitiú agus roghnú Acmhainní Daonna féinseirbhíse soláimhsithe a chur ar fáil; agus
 - Traenáil bhliantúil agus pleananna forbartha a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm don fhoireann a thacaíonn lenár dtosaíochtaí straitéiseacha agus lenár gcuspóirí;
- Cuir leis na próisis eagraíochtúil le cloí le rialacháin sa todhchaí agus leis an gcleachtas is fearr:
 - Cinntiú go gcomhlíonfar leis an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise, agus le An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; agus
 - Próiseas leictreonach a chur i bhfeidhm do gach gné dár soláthar poiblí;
- Ár gcórais TFC a leasú go leanúnach chun bonneagar éifeachtach agus sábháilte an chur ar fáil nach gcuireann isteach ar sholáthar seirbhísí iompair poiblí:
 - Monatóireacht cíbearshlándaála a chur i bhfeidhm ar líonra iomlán an iompair poiblí; agus
 - Bonneagar agus córais TFC a fhorbairt nuair is gá le tacú le feidhmiú rathúil tionscadail iompair poiblí;

- Ár bhfeidhmeanna a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh seirbhíse poiblí agus luach ar airgead a sholáthar:
 - Cloí leis an leagan athbhreithnithe de Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- Cinntiú go bhfuil an maoiniú ceart ag an Údarás ag an am ceart chun an gnó reatha a dhéanamh agus chun an clár straitéiseach a sheachadadh:
 - Téigh i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun dóthain maoiniú a fháil le clár straitéiseacha an Údaráis a sheachadadh agus chun íoc as na costais oibríochtúla agus riaracháin reatha;
- Modhanna oibre a cheistiú go leanúnach agus iarracht a dhéanamh cur le húsáid iompair poiblí, eispéireas an chustaiméara a fheabhsú agus éifeachtúlacht a fheabhsú:
 - Leanúint ar fhorbairt chumas an Údaráis i bhfaisnéis ghnó agus anailísíocht sonraí chun deiseanna le cur le heispéireas an chustaiméara agus pleanáil ar bhonneagar iompair poiblí a aithint.



Tosaíocht 8



Caidreamh seachtrach a fhorbairt agus a bhainistiú.


Príomhchuspóirí

1. Cuir le creidiúnacht an Údaráis i meon an phobail, ionas go mbreathnófar ar an Údarás mar sheaimpín i soláthar iompair ag cur modhanna iompair atá éifeachtach agus inbhuanaithe ar fáil do leas an phobail;
2. Caidrimh a chruthú agus a choinneáil le páirtithe leasmhara, le lucht tionchair ar an margadh, déantóirí polasaithe agus déantóirí cinntí; agus
3. Cinntiú go gcuirtear polasaithe an Údaráis in iúl go soiléir, go dtuigtear iad agus go bhfuil siad le feiceáil i bplé agus i ndíospóireacht ar pholasaí poiblí.

Céimeanna i dtreo seachadta

- › Measúnú agus tomhas a dhéanamh ar phróifíl branda an Údaráis agus ar thuiscint an phobail ar ról an Údaráis.
- › Ag teacht ón bpróiseas sin, straitéisí a fháil leas a bhaint as na buanna agus dul i ngleic leis na laigí;
- › Plean cumarsáide atá réamhghníomhach agus straitéiseach a chur i bhfeidhm;
- › Dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le soláthar seirbhísí iompair poiblí agus tacaíocht a thabhairt leis an tseirbhís bus, staideanna bus agus bonneagar ag stáisiúin a fheabhsú;
- › Cuntasacht iomlán maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Údaráis a chur ar fáil don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, don Rialtas agus don Oireachtas;
- › An caidreamh le páirtithe leasmhara, le comhlachtaí ionadaíocha le tráchtairí etc. chun próifíl a bhunú agus chun tuiscint ar ról an Údaráis a fheabhsú;
- › Aird a tharraingt ar phleananna agus straitéisí an Údaráis ag comhoibriú le lucht déanta polasaithe san earnáil phoiblí;
- › Tacú leis an gCoiste Comhairleach um Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí agus Comhairle Comhairleach Údaráis Iompair Náisiúnta, má bhunaítear a leithead, a bhfeidhmeanna a bhaint amach trí áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil;
- › Páirt a ghlacadh i dtionscadail an AE agus i bhforbairt polasaí in éineacht le comhlachtaí bainteacha más cú;
- › Na sonraí agus na staitisticí reatha maidir le húsáid iompair poiblí agus modhanna iompair eile a fhoilsiú; agus
- › Suíomh gréasáin an Údaráis a úsáid chun tuarascálacha, faisnéis reachtúla, an nuacht is déanaí, an scéal is déanaí ar thionscadail, miontuairiscí an Bhoird agus cáipéisí eile a scaipeadh.

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta



Aguisín 2: Baill an Bhoird

Tá na 11 bhall a leanas ar an mBord faoi láthair (Eanáir 2018).

- ▶ An tUasal Fred Barry (Cathaoirleach), ceaptha Samhain 2017;
- ▶ An tUasal Hugh Creegan (Bainisteoir Phleanáil Iompair agus Infheistíochta an Údaráis), ceaptha Samhain 2010;
- ▶ An tUasal Anne Fitzgerald, ceaptha Meán Fómhair 2015;
- ▶ An tUasal Frank Gleeson, ceaptha Meán Fómhair 2015;
- ▶ An tUasal Anne Graham (Príomhfheidhmeannach) ceaptha Eanáir 2015;
- ▶ An Dr. Berna Grist, ceaptha Nollaig 2009;
- ▶ An tUasal Owen Keegan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ceaptha Meán Fómhair 2013;
- ▶ An tUasal Pat Mangan, ceaptha Meán Fómhair 2015;
- ▶ An tUasal Frank O'Connor, ceaptha Meán Fómhair 2015;
- ▶ An tUasal Fiona Ross, Meán Fómhair 2015;
- ▶ An tUasal Sinéad Walsh, Meán Fómhair 2015.

An Coiste Iniúcháireachta

Is iad seo a leanas baill de Choiste Iniúcháireachta an Bhoird:

- ▶ An tUasal Frank O'Connor (Cathaoirleach)
- ▶ An tUasal Fiona Ross
- ▶ An tUasal Pat Mangan
- ▶ An tUasal Brian Hayes (Ball seachtrach)



National Transport Authority

Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Údarás Náisiúnta Iompair

Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie